2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Plean Ceachta OSSP (Oideachas Saoránach Sóisialta Polaitiúil)

Bithéagsúlacht agus Bogaigh

Réamhrá

Is cuid riachtanach den timthriall uisce iad bogaigh. Nuair a tharlaíonn idirghníomhú idir a gcuid gnéithe – uisce, ithir, plandaí agus ainmhithe, comhlíonann siad go leor feidhmeanna tábhachtacha agus cuireann siad seirbhísí éiceolaíochta ar fáil atá riachtanach. Cuireann bogaigh uisce ar fáil agus úsáideann siad uisce freisin. Coinníonn siad a gcuid struchtúr agus feidhmeanna ar siúl, agus soláthraíonn siad uisce dúinne agus d'ainmhithe agus do phlandaí eile. Tá Éire ar cheann de 160 Páirtí Conarthach leis an gCoinbhinsiún ar Bhogaigh a tháinig le chéile den chéad uair in Ramsar, san Iaráin in 1971, agus glaoitear Coinbhinsiún Ramsar air ó shin i leith. Cuimsíonn an conradh idir-rialtasach seo gealltanais a bhallstát chun carachtar éiceolaíoch na **mBogach a bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta ag Baint leo** a chaomhnú agus pleanáil a dhéanamh chun "leas saoithiúil", nó leas inbhuanaithe, a bhaint as na bogaigh go léir ina gcríocha.

Léiríonn an ceacht seo a thábhachtaí is atá bogaigh do phobail áitiúla. Spreagann sé na daltaí le bheith ina saoránaigh ghníomhacha trí smaoineamh faoi conas a dtéann forbairt i gcionn ar dhaoine aonair laistigh dá bpobail áitiúil. Spreagann sé na daltaí chun leas a bhaint as faisnéis chun argóintí a cheapadh agus díospóireacht a dhéanamh, agus cuireann sé ar a gcumas a bheith rannpháirteach i dtoghchán daonlathach.

Nasc curaclaim

- Maoirseacht an Chomhshaoil
- An Dlí – Cén fáth ar cheart vótáil agus conas vóta a chaitheamh (Toghcháin)
- Forbairt Pobail/Gníomh:
- Idirspleáchas

Aidhm

- Na daltaí a spreagadh chun smaoineamh ar an tionchar a bhíonn ag cúrsaí forbartha ar phobail áitiúla.
- Na scileanna sin a thabhairt do mhic léinn atá riachtanach chun go mbeidh siad ina rannpháirtithe gníomhacha ina bpobail féin.
- Bainfidh na daltaí leas as an eolas atá foghlamtha acu faoi bhogaigh lena úsáid i gcás daoine aonair (mar rólghlacadh) agus forbróidh siad argóint a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis sin.
- Glacfaidh na daltaí páirt i vóta daonlathach.



Ábhair

- Bileog Thuisceana
- Cártaí Rólghlactha
- Buntáistí na mBogach – bileoga eolais le tabhairt amach

An t-ábhar a tharraingt anuas

- Fiafraigh de na daltaí an féidir leo na téarmaí “bogaigh” agus “bithéagsúlacht” a mhíniú.
    - Bogaigh: Limistéir talún atá sáithithe le huisce go séasúrach nó go buan – m.sh. turlaigh, eanaigh agus portaigh.
    - Bithéagsúlacht: An éagsúlacht atá ann i measc orgánaigh bheo ó gach foinse, lena n-áirítear orgánaigh ó éiceachórais talún agus uisce, agus na héiceachórais a bhfuil siad ina gcuid díobh (na hainmhithe agus na plandaí atá i gceantar).
- An bhfuil aon bhogach i do cheantar?
- Tosaigh trí insint do na daltaí gurb iomaí buntáiste a fhaighimid ó aibhneacha, lochanna agus bogaigh agus go gcabhraíonn siad le geilleagar na tíre agus go bhfuil siad luachmhar.
- Iarr ar na daltaí ransú smaointe a dhéanamh le fáil amach conas a d'fhéadfadh siad a bheith úsáideach. I measc na mbuntáistí a d’fhéadfaidís a lua tá:
    - córais iompair
    - uisce óil
    - uisce don talmhaíocht agus do thionscail
    - comhshamhlú dramhaíola
    - cosaint in aghaidh tuilte
    - iascaireacht
    - deiseanna áineasa
    - timthriall an uisce a rialáil
    - athchúrsáil cothaitheach
    - gabháil dríodair agus leasú na dtuilemhánna

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Féach ar an bpíosa scannáin faoin mbithéagsúlacht agus faoi na bogaigh agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.

Cleachtadh tuisceana

1. Cad iad an dá phríomhchineál bogaigh a luaitear san fhíseán?

2. Ainmnigh cuid de na speicis a mhaireann sna bogaigh a luadh.

3. Cad é an príomhchineál truaillithe is mó a dhéanann dochar do na bogaigh?

4. Cén damáiste atá á dhéanamh aige seo?

5. “Is féidir an meath atá ag teacht ar bhogaigh a chur i gcomparáid leis na teagmhais mhóra dhíobhaidh a tharla i stair an domhain" – cad is brí leis seo?

6. Cad leis a raibh an fhoireann taighde ag súil sula dearna siad suirbhé ar na bogaigh?

7. Cad a fuair siad amach?

8. Cad iad na buntáistí a bhaineann le bogaigh le haghaidh na gceantar ina bhfuil siad?

9. Cén fáth a bhfuil feirmeoirí ag draenáil a gcuid talún?

10. Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun feirmeoirí a spreagadh chun na bogaigh a chosaint atá ar a gcuid talún?

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Díospóireacht sa Seomra Ranga

Ábhair atá riachtanach:

- Cártaí Rólghlactha
- Cóip amháin den bhileog 'Buntáistí na mBogach' le haghaidh gach dalta

- Eagraigh an rang i 15 ghrúpa (is féidir níos lú grúpaí a bheith ann más gá).
- *Beidh cathaoirleach agus rúnaí ag teastáil – is féidir na róil sin a shannadh níos déanaí nó is féidir leis an múinteoir na róil sin a ghlacadh.*

- Mínigh do na daltaí go bhfuil iarratas pleanála seolta isteach chuig an gcomhairle baile chun forbairt nua tithíochta a thógáil an-ghar do bhogach áitiúil. Tabhair cóip den bhileog eolais 'Buntáistí na mBogach' do gach dalta.

- Is éard atá i dtearmann dúlra Loch Álainn ná loch a bhfuil réimsí eanach agus bogach thart air agus cosáin tharstu. Meallann sé a lán turasóirí, go háirithe i rith mhíonna an tsamhraidh. Téann a lán de mhuintir na háite ag siúl ann agus glacann déagóirí agus páistí na háite páirt sa chlub clársheoltóireachta agus seoltóireachta.

- Is é atá á mholadh sa togra atá os comhair na comhairle ná eastát tithíochta nua "Radharc Loch Álainn" a thógáil ina mbeidh céad teach (50 teach trí sheomra leapa, 50 teach ceithre sheomra leapa) agus bloc beag árasán ina mbeidh sé árasán aon seomra leapa amháin. Tá aithne mhaith ag muintir na háite ar an bhforbróir ar mian leis na tithe a thógáil, an tUasal Mac an Rí. Tá a shaol go léir caite aige sa cheantar.

- Spreag na daltaí chun machnamh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt tithíochta seo. Déan iarracht freagraí a mhealladh uathu, mar shampla suaitheadh ón obair thógála, draenáil an bhogaigh chun na tithe a thógáil, truailliú ó umair sheipteacha, an tionchar a bheadh ag na tithe ar áilleacht na háite, an méadú a thiocfadh ar an éileamh sa cheantar – ar shiopaí, ar scoileanna, ar dhochtúirí, srl. Déan ransú smaointe agus breac na smaointe ar chlár chun go mbeidh siad le feiceáil sa chuid eile den díospóireacht (cuir lena bhfuil ar an gclár má nochtar smaointe nua i rith na díospóireachta).

- Oibreoidh na daltaí ina mbeirteanna. Tabharfar ról do gach beirt agus caithfidh siad cinneadh a dhéanamh faoin tionchar a bheidh ag forbairt an eastáit tithíochta orthu féin agus ar a bpobal. Oibreoidh siad le chéile agus líonfaidh siad isteach na cártaí ag tabhairt argóintí ar son nó in aghaidh na forbartha atá beartaithe (d'fhéadfadh siad é seo a dhéanamh mar obair bhaile chun go bhféadfaidh siad díospóireacht a bheith acu faoin scéal sa chéad rang eile. Spreag na daltaí, más rud é go bhfuil sé á thabhairt mar obair bhaile dóibh, chun taighde a dhéanamh faoin topaic ar na láithreáin ghréasáin atá liostaithe le haghaidh gníomhaíochtaí leantacha).
- Beidh siad i láthair ansin ag cruinniú baile áit a ndéanfar an cheist a phlé. Ní mór do dhuine amháin ó gach grúpa labhairt ar son an duine sin agus argóint a dhéanamh ar son nó i gcoinne an togra.
- Beidh cathaoirleach i gceannas na hócáide agus déanfar na hargóintí a thaifeadadh. Nuair a bheidh an scéal pléite déanfar vótáil chun cinneadh a dhéanamh ar cheart an t-eastát tithíochta a thógáil nó nár cheart.

2020 VISION
PROTECTED SOIL & BIODIVERSITY

Gníomhaíochtaí leantacha

- An bhfuil aon fhorbairtí ann a raibh tionchar acu ar phobal na háite?
- An bhfuil aon fhorbairtí ann a rachadh chun tairbhe an phobail?
- Cá bhfuil an bogach is gaire dúinn?
- An bhfuil sé cosanta? Ar cheart é a chosaint? Déan taighde ar Limistéir Chaomhantais Speisialta
- Naisc:
    - www.irishwetlands.ie
    - www.epa.ie
    - www.conservation.ie/Habitatcons
    - www.npws.ie
    - http://www.npws.ie/publications/leaflets/
    - www.ipcc.ie
    - http://www.heritagecouncil.ie/wildlife/publications/
    - http://www.antaisce.ie/naturalenvironment/NaturesWayBooklets.aspx
    - http://www.fisheriesireland.ie/

Obair Bhaile a d'fhéadfaí a dhéanamh

- Póstaer a tharraingt chun daoine a spreagadh le taitneamh a bhaint as na bogaigh áitiúla agus iad a chosaint.
- Scríobh an t-aitheasc a thabharfá ag coiste áitiúil turasóireachta agus béim á leagan agat ar thábhacht eacnamaíoch agus chomhshaoil na mbogach don cheantar.
- Scríobh liosta de na forbairtí go léir ar mhaith leat a fheiceáil i do cheantar – conas a rachadh siad chun tairbhe an phobail?
- Cad iad na forbairtí a bheadh go holc dar leat – cén fáth?
- Cad iad na ceisteanna áitiúla ar cheart go bhféadfadh pobal na háite barúil a thabhairt fúthu dar leat?

Tionscadail ghníomhaíochta a d'fhéadfaí a chur i gcrích

- Tabhair cuireadh d'aoichainteoir ón gcomhairle áitiúil chun míniú a thabhairt ar an bpróiseas pleanála agus ar an gcaoi ar féidir leis an bpobal páirt a ghlacadh ann, nó a insint faoi phróisis phleanála san am atá thart srl.
- Eagraigh feachtas feasachta sa cheantar le chur ar shúile na ndaoine a thábhachtaí is atá na bogaigh áitiúla don phobal.

ártaí Rólghlactha

Ainm: An tUasal Smith
Faisnéis: Tógálaí áitiúil is ea an tUasal Smith atá as obair le trí mhí anuas.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An tUasal Brown
Faisnéis: Is leis óstán sa cheantar. Meallann na bogaigh a lán turasóirí go dtí an ceantar le dul ag iascaireacht nó ag bádóireacht nó le bheith ag breathnú ar éin.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: Bean Mhic Sheoinín
Faisnéis: Bhí teach ag Bean Mhic Sheoinín sa chathair ach bádh é faoi dhó sna tuilte. D'aistrigh sí ón gcathair le cur fúithi i bpobal tuaithe. Is maith léi dul ag siúl.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: Bean Uí Bhriain
Faisnéis: Tá ceathrar clainne fásta ag Bean Uí Bhriain, ach b'éigean dóibh go léir imeacht ón gceantar chun fostaíocht a fháil. Ba mhaith leo cónaí sa cheantar ach tá sé deacair tithe maithe a fháil.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An tUasal Jennings
Faisnéis: Bíonn sé gníomhach ag iarraidh an timpeallacht a chosaint agus is breá leis bheith ag breathnú ar éin. Reáchtálann sé deirí seachtaine do dhaoine chun teacht breathnú ar éin i gcomhar leis an óstán áitiúil.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: Iníon Miller
Faisnéis: Is í Iníon Miller príomhoide na bunscoile áitiúla. Tá an baol ann go gcaillfear múinteoir sa scoil toisc go bhfuil líon na ndaltaí ag laghdú.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An tUasal Finnerty
Faisnéis: Tá feirm orgánach aige sa cheantar agus soláthraíonn sé táirgí orgánacha. Baineann sé móin ón bportach áitiúil.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An tUasal Ó hUaithne
Faisnéis: Feirmeoir áitiúil is ea an tUasal Ó hUaithne agus tá conradh an-mhór aige le sreang mhór siopaí. Níl locht ar bith aige ar níotráití a úsáid ar a fheirm.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: Iníon Jennings
Faisnéis: Tá siopa sa cheantar aici
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: Iníon Bhreathnach
Faisnéis: Búistéir áitiúil í Iníon Bhreathnach.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An tUasal Mac an Rí
Faisnéis: Forbróir réadmhaoine is ea an tUasal Mac an Rí. Is leis talamh in aice leis na bogaigh. Ba eisean an té a chuir isteach an t-iarratas ar chead don togra.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: Bean Uí Dhonnchú
Faisnéis: Thóg sí teach ar geal lena croí é le déanaí ar shuíomh in aice leis an bhforbairt atá beartaithe. Tá sí ina cónaí ann lena fear céile agus tá triúr leanaí óga acu.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An tUasal Ó Fathaigh
Faisnéis: Iargharda is ea an tUasal Ó Fathaigh a chuaigh ar scor le déanaí. Caitheann sé a chuid ama anois ag iascaireacht agus ag siúl. Baineann sé móin ón bportach áitiúil faoi mar a rinne a mhuintir leis na glúine.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An tUasal Grant
Faisnéis: Tá teach saoire aige sa cheantar. Caitheann sé gach deireadh seachtaine agus an samhradh ann.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An tUasal Ó Riain
Faisnéis: Tá teach aige sa cheantar atá á reáchtáil aige mar ionad leaba agus bricfeasta.
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Ainm: An Dr. Jacob
Faisnéis: Is mac léinn taighde nó eolaí é atá ag déanamh staidéir ar speicis phlandaí fheoiliteacha atá le fáil sa phortach. Foilsíodh torthaí a chuid taighde ar: http://www.ipcc.ie/a-to-z-peatlands/carnivorous-plants-killers-in-the-bog/
Measaim *gur cheart/nár cheart* go gceadófaí an fhorbairt.
Bheadh tionchar ar an bhforbairt seo ormsa ar na bealaí seo a leanas: *(Smaoinigh ar do phost, do theach, do theaghlach, an timpeallacht ina bhfuil tú i do chónaí srl.)* • _____ • _____ • _____
Dá bhrí sin, mholfainn go láidir do dhaoine vótáil *in aghaidh / i bhfabhar* na forbartha atá beartaithe.

Buntáistí na mBogach

- Soláthraíonn aibhneacha, lochanna agus bogaigh buntáistí éagsúla luachmhara dúinn agus cabhraíonn siad le geilleagar na tíre. Áirítear leo sin:
    - córais iompair
    - uisce óil
    - uisce don talmhaíocht agus do thionscail
    - comhshamhlú dramhaíola
    - cosaint in aghaidh tuilte
    - iascaireacht
    - deiseanna áineasa
    - timthriall an uisce a rialáil
    - athchúrsáil cothaitheach
    - gabháil dríodair agus leasú na dtuilemhánna
- Ní mór caighdeán maith a bheith ag an uisce má tá an chuid is mó de na buntáistí thuas le fáil. Sa chaoi sin is féidir an t-uisce a úsáid lena ól, chun éisc a tháirgeadh agus le haghaidh cúrsaí áineasa agus taitneamhachta. Má má bhíonn ardleibhéal bithéagsúlachta (ainmhithe agus plandaí) sna bogaigh is comhartha é sin go bhfuil cáilíocht an uisce go maith.

- Má thruaillítear an t-uisce, is féidir aibhneacha agus lochanna a ghlanadh suas ar bhealach éigin. Tá aibhneacha mar an Tamais nó an Life níos glaine inniu ná mar a bhí blianta ó shin. Mar sin féin, tógann sé píosa fada le habhainn a athchóiriú agus cosnaíonn sé airgead. Is mar gheall ar thalmhaíocht agus ar shéarachas is mó a tharlaíonn truailliú uisce in Éirinn.

- Bagairt do shláinte an duine agus don fhiadhúlra é truailliú níotráití agus tá suimeanna móra airgid á gcaitheamh chun an baol sin a laghdú. Mar shampla, tá níos mó ná míle milliún euro infheistithe le deich mbliana anuas faoi scéimeanna éagsúla lena n-áirítear an Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme agus an Scéim Feabhsúcháin Feirme. Is féidir leis an mbithéagsúlacht difríocht a dhéanamh sa chás seo mar bíonn páirt ag go leor speiceas atá le fáil in aibhneacha, lochanna agus bogaigh in athchúrsáil níotráití sula sileann an t-uisce síos go dtí an screamhuisce agus go mbíonn sé againn mar uisce óil.

- Gné de thírdhreach na hÉireann iad na tailte portaigh. Tá tailte portaigh cosúil le spúinsí. Ionsúnn siad uisce nuair a bhíonn a lán báistí ann agus is cosaintí iad in aghaidh tuilte. Cosnaíonn sé a lán airgid áiteanna a ghlanadh suas i ndiaidh tuilte agus an damáiste a dhéantar do réadmhaoin agus do tailte feirme a chur ina cheart.
- Bíonn caonaigh go maith chun uisce a ionsú agus chuige sin úsáidtear iad sa ghairneoireacht agus sa garraíodóireacht. Rialaíonn tailte portaigh agus an fásra atá orthu sreabhadh uisce agus ar an ábhar sin tá buntáistí geilleagracha agus sóisialta ag baint leo. Tá siad an-luachmhar ó thaobh na bithéagsúlachta freisin.
- Tá tailte portaigh an-úsáideach freisin ó thaobh téamh domhanda a mhaolú. Cé go scaoileann siad meatán amach, agus is gás ceaptha teasa é sin, oibríonn siad freisin mar stór carbóin, agus scaoilfí go leor leor CO_2 amach san atmaisféir murach iad. Má dhóitear móin mar bhreosla ansin scaoiltear an carbóin sin amach.